An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# An Clár Ábhar

An tSraith Shinsearach 2

Réasúnaíocht 4

Aidhmeanna 4

Leanúnachas agus dul chun cinn 5

Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach 6

Príomhinniúlachtaí 7

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 10

Modúl 1: Mé féin agus mo Thodhchaí 12

- Snáithe 1: Tuiscint a Fháil Orm Féin 13
- Snáithe 2: Mo Chuid Deiseanna le haghaidh Dul Chun Cinn a Thuiscint 16

Modúl 2: Pobal agus Obair 19

- Snáithe 1: Léirthuiscint a bheith agam do mo Phobal 20
- Snáithe 2: A bheith ag Plé leis an Ionad Oibre 23

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire 27

Measúnú 29

Socruithe réasúnta 32

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh 34

Aguisín 2: Gluais téarmaí 35

# An tSraith Shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris na scoláirí le linn na sraithe sinsearaí lena bhforbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena sláinte agus a bhfolláine ar bhonn ginearálta. Baineann ocht dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
| --- |
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach na scoláirí, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann scoláirí níos mó freagrachta orthu féin as a gcuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán do na scoláirí an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc acu, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag na scoláirí dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht do na scoláirí chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú acu agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina gcuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir ar fáil do na scoláirí don aistriú go dtí an Breisoideachas agus Oiliúint, an tArdoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá gcuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann na scoláirí agus a ligeann dóibh feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar na scoláirí agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Cuireann **Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta** deiseanna foghlama praiticiúla éagsúla ar fáil do scoláirí le bheith rannpháirteach ina bpobal áitiúil agus sa saol níos leithne, agus tugtar tacaíocht dóibh a dtuiscint féin a fhorbairt ar an gcaoi a gcuireann siad leis an tsochaí go pearsanta. Is bunchloch den tsonraíocht iad forbairt agus éifeachtacht phearsanta, ina mbíonn deiseanna ag scoláirí féinfheasacht a fhorbairt ach tuiscint a fháil ar a gcuid láidreachtaí, mianach, spéiseanna agus gnóthachtálacha uathúla féin; agus léirthuiscint a fhorbairt dá n-ionchur uathúil le sochaí nua-aimseartha inbhuanaithe.

De réir mar a théann scoláirí i ngleic le Saol, Pobal agus Obair, foghlaimíonn siad le cinntí eolasacha a dhéanamh de réir mar a ullmhaíonn siad don saol a bheidh acu amach anseo i ndiaidh na scoile. Cuimsítear leis sin fócas ar bhunchlocha a fhorbairt maidir le hionaid oibre agus gairmeacha beatha, mar aon le saoránacht ghníomhach. Bíonn deiseanna líonmhara ag na scoláirí lena gcumas machnamhach pearsanta a thógáil agus a fhorbairt chun tacú lena gcuid próiseas cinnteoireachta. Ach staidéar a dhéanamh ar Saol, Pobal agus Obair, bíonn deis ag scoláirí freisin raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt laistigh de thacar príomhinniúlachtaí, ar scileanna iad a bhfuil gá leo lena chinntiú go mbeidh scoláirí ag foghlaim ar feadh a saoil agus go mbeidh siad rannpháirteach go héifeachtach sa tsochaí. Inniúlachtaí amhail cumarsáid, obair le daoine eile agus foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú, mar aon leis na scileanna a bhaineann le faisnéis a bhainistiú agus a chur i láthair agus a bheith liteartha go digiteach, féadfar iad a fhorbairt ach dul i ngleic leis an tsonraíocht seo.

De réir mar a théann scoláirí i ngleic le Saol, Pobal agus Obair, cothaítear forbairt meoin thionscantaigh de réir mar a bhíonn deiseanna acu cruthaitheacht, nuálaíocht agus teacht aniar a fhorbairt agus a léiriú, ag forbairt a muiníne chun dul in oiriúint do dhúshláin agus deiseanna an tsaoil nua-aimseartha.

# Aidhmeanna

Forbraíonn scoláirí i Saol, Pobal agus Obair léirthuiscint don tábhacht atá le forbairt agus éifeachtacht phearsanta de réir mar a théann siad i ngleic leis an domhan mórthimpeall orthu. Bíonn deiseanna líonmhara ag na scoláirí raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt, laistigh de thacar príomhinniúlachtaí, a chuidíonn chun tacú leis na scoláirí leas a bhaint as deiseanna inar féidir leo na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar raon eispéiris fíorshaoil.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag Saol, Pobal agus Obair:

- tuiscint a fhorbairt ar a gcuid láidreachtaí, mianach, spéiseanna agus gnóthachtálacha pearsanta
- na bunchlocha a leagan le haghaidh gairmeacha beatha agus ionaid oibre chun tacú le cinnteoireacht níos eolasaí dá n-aistear oideachais agus dá gconair ghairme amach anseo
- léirthuiscint a bheith acu dá ról sa phobal áitiúil agus mar shaoránaigh náisiúnta
- meon fiontraíoch a fhorbairt agus a léiriú
- dul in oiriúint níos fearr do dhúshláin agus deiseanna an tsaoil nua-aimseartha.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tógann Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta ar an eolas, ar na scileanna, ar na luachanna agus ar na meonta a eascraíonn ón oideachas luath-óige go dtí curaclam na sraithe sóisearaí agus an Clár Idirbhliana.

## An tSraith Shóisearach

Cuimsítear fócas le foghlaim sa tsraith shóisearach ar fhorbairt na bpríomhscileanna ar fud na n-ábhar ar fad, ar fud na ngearrchúrsaí agus Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2. Tacaíonn na príomhscileanna uile a forbraíodh ar fud an churaclaim le linn na sraithe sóisearaí le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach agus tá na príomhscileanna nasctha go dlúth leis na príomhinniúlachtaí a fhorbraítear trí rannpháirteachas i Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta.

Tá cur síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí sna Ráitis Foghlama, agus tá breac-chuntas ar fhócas ar leith ar fhiontraíocht in RF 22 agus 23. Bíonn deiseanna ag na scoláirí le gníomhú, a bheith nuálach agus scileanna fiontraíocha a fhorbairt. Leagtar béim i sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí ar tuiscint níos doimhne ar fhiontraíocht a fhorbairt trí chabhrú leis na scoláirí deiseanna a aithint agus tuiscint a fháil ar fheidhmeanna airgeadais, margaíochta, agus oibríochtúla d'eagraíocht. Bíonn deiseanna ag scoláirí freisin chun gnéithe de shaol na hoibre a thuiscint agus an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach a úsáid chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair a dhéanamh agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach, rud a thacaíonn le scoláirí de réir mar a théann siad i ngleic le measúnuithe rangbhunaithe in ábhair na sraithe sóisearaí. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an nGearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha cumas na scoláirí a bheachtú le huirlisí den sórt sin a úsáid go criticiúil agus go sábháilte mar thaca lena gcuid foghlama agus chun páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol sóisialta agus pobail ó thaobh cúrsaí digiteacha de.

Laistigh den tsraith shóisearach, féadfaidh na scoláirí rochtain a fháil ar threoraíocht, agus cuimsítear go minic léi sin béim ar fheasacht a fhorbairt ar ghairmeacha beatha, láidreachtaí agus spéiseanna a shainaithint agus machnamh a dhéanamh ar chonairí gairme féideartha. I réimsí eile foghlama sa tsraith shóisearach, ar a dtuairiscítear i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, tugtar aitheantas d'eispéiris foghlama a tharlaíonn lasmuigh de spás traidisiúnta an tseomra ranga, agus tá eispéiris foghlama lasmuigh den rang ina bpríomhghné de Saol, Pobal agus Obair.

## An Idirbhliain

Le Saol, Pobal agus Obair forbraítear ar an bhfoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas i Ráiteas an Chláir Idirbhliana, trí na Gnéithe Scoláire agus Curaclaim araon. Leis an bhfoghlaim i Saol, Pobal agus Obair, soláthraítear deiseanna do scoláirí le tuilleadh forbartha a dhéanamh, mar aon le béim chomhtháite ar éifeachtacht agus dul chun cinn pearsanta ó thaobh deiseanna dul chun cinn tar éis na sraithe sinsearaí de. Tá an fhoghlaim a leagtar amach i Saol, Pobal agus Obair ina léiriú go bhfuil scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain níos aibí agus níos sine agus soláthraítear deiseanna líonmhara do scoláirí le forbairt a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus eispéireas roimhe seo.

## I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Ach staidéar a dhéanamh ar Saol, Pobal agus Obair tacaítear le scoláirí de réir mar a fhorbraíonn siad meon oscailte agus dearfach chun dul ar aghaidh chuig saol spreagúil éagsúil níos faide anonn sa saol agus cuirtear bunchloch láidir ar fáil do scoláirí a aistríonn go printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus saol na hoibre. Ach staidéar a dhéanamh ar Saol, Pobal agus Obair cuirtear neart deiseanna spreagúla ar fáil i réimsí agus róil ghairme thraidisiúnta agus úrnua araon, laistigh den phobal áitiúil agus sa phobal níos leithne. Ionchorpraíonn Saol, Pobal agus Obair raon leathan scileanna inaistrithe laistigh de thacar príomhinniúlachtaí, amhail cumarsáid, fadhbréiteach, cruthaitheacht, nuálaíocht, comhoibriú agus teacht aniar, ar inniúlachtaí iad a fhéadfaidh scoláirí a chur i bhfeidhm i roinnt mhaith gnéithe éagsúla dá saol faoi láthair agus sa saol a bheidh acu amach anseo. Ach staidéar a dhéanamh ar Saol, Pobal agus Obair tabharfar na huirlisí do scoláirí a bhfuil gá leo chun éifeachtacht phearsanta a fhorbairt, rud a chuideoidh leo a gcion a dhéanamh go rathúil sa tsochaí nua-aimseartha agus a bheith rannpháirteach inti.

# Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann siad páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí ag a bhfuil baint lena n-eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhaoine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Tugtar breac-chuntas ar an bhfoghlaim a tharlaíonn **laistigh** d'ábhar nó modúl sonrach faoin gceannteideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is iad na scoláirí a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach do scoláirí a bpríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, bainfidh na scoláirí tairbhe as:

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dóibh aistriú chuig saol éagsúil níos faide anonn i mBreisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina saol mar dhaoine fásta le linn dóibh caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus scoláirí ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt acu agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair na scoláirí a dhoimhniú, éiríonn na scoláirí níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhaoine.


# Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




**Fíor 1:** Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo

Tugtar breac-chuntas ar an eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




**Fíor 2:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht

Tá na scileanna seo nasctha le chéile agus is féidir iad a chónascadh; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán na scoláirí; is féidir leo cabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht na scoláirí le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht na scoláirí a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena gcuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn múinteoirí agus trí fhreagairtí na scoláirí orthu. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis na scoláirí a gcuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a gcúlra, ar a gcuid cúinsí nó ar a gcuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna acu a bpríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire


Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i Saol, Pobal agus Obair ar réimse bealaí. De réir mar a théann scoláirí i ngleic le Saol, Pobal agus Obair, beidh neart deiseanna acu le dul i ngleic le heispéiris foghlama éagsúla laistigh agus lasmuigh den suíomh scoile araon. Ach tacú leis an bhfoghlaim sa seomra ranga le heispéiris foghlama laistigh den phobal áitiúil agus sa tsochaí níos leithne, bíonn deiseanna ag an scoláire le príomhinniúlachtaí a fhorbairt maidir le **cumarsáid** agus **obair le daoine** eile ar fud raon leathan comhthéacsanna, ag forbairt tuiscint níos doimhne ar a thábhachtaí atá comhoibriú agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha le daoine eile i gcaidrimh dhearfacha oibre. Trí bhíthin chumas na **cumarsáide**, forbraíonn scoláirí réimse scileanna cumarsáide ach dul i ngleic le faisnéis agus í a chur i láthair ar bhealach soiléir ciallmhar i bhformáidí éagsúla, amhail punanna digiteacha, cuir i láthair agus agallaimh. De réir mar a théann scoláirí i ngleic le faisnéis, foghlaimíonn siad le hiontaofacht na faisnéise a cheistiú ar bhealach criticiúil. Foghlaimeoidh scoláirí le spriocanna foghlama pearsanta a shocrú, dul i mbun pleanáil tionscadail agus roghanna eolasacha a dhéanamh mar fhreagairt ar chásanna agus fadhbanna éagsúla de réir mar a théann siad i ngleic le Saol, Pobal agus Obair, ag forbairt na bpríomhinniúlachtaí a bhaineann le **smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna** araon, agus a gcuid **foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú**.

Bíonn deiseanna ag na scoláirí le bheith cruthaitheach de réir mar a fhoghlaimíonn siad lena mbealach a dhéanamh trí chásanna dúshlánacha agus déileáil leo, agus bíonn léirthuiscint acu dó gur cuid den phróiseas foghlama é botúin a dhéanamh. Forbraítear an phríomhinniúlacht a bhaineann le **folláine a chothú**, de réir mar a fhorbraíonn scoláirí muinín agus teacht aniar tríd an bpróiseas sin. De réir mar a dhéanann scoláirí a mbealach trí shaincheisteanna fíorshaoil sa phobal, bíonn deiseanna acu le foghlaim ó nuálaíocht daoine eile chun a gcuid réiteach cruthaitheach agus nuálach féin a fhorbairt ar chásanna agus fadhbanna éagsúla, ag forbairt na príomhinniúlachta '**a bheith cruthaitheach**'. Ach foghlaim le gníomhú ar bhealach inbhuanaithe eiticiúil i leith saincheisteanna fíorshaoil sa phobal, forbraíonn scoláirí an phríomhinniúlacht **rannpháirtíocht sa tsochaí** freisin.

Tacaíonn **litearthachtaí agus uimhearthacht** le forbairt na bpríomhinniúlachtaí uile sa seomra ranga Saol, Pobal agus Obair, agus bíonn deiseanna uathúla ann chun forbairt agus feabhas a dhéanamh ar an **litearthacht dhigiteach**. Cuirtear deiseanna iomadúla ar fáil do scoláirí le linn na sonraíochta seo chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt de réir mar a théann siad i ngleic go gníomhach leis na torthaí foghlama, agus tugtar tuilleadh tacaíochta dóibh nuair a théann siad i mbun machnamh agus meastóireacht ar a mhéid a théann siad i ngleic leis na príomhinniúlachtaí iad féin.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Tá an tsonraíocht seo comhdhéanta de dhá mhodúl chomhtháite: Mé féin agus mo Thodhchaí; agus Pobal agus Obair, a ceapadh le haghaidh 120 uair an chloig ar a laghad d'am ranga. Tá ceithre shnáithe scaipthe ar fud an dá mhodúl, a ceapadh le staidéar a dhéanamh orthu agus le dul i ngleic leo, i seicheamh neamhlíneach agus iad fite fuaite ina chéile, mar a leagtar amach i bhFíor 3. Ag deireadh gach snáithe, tugtar breac-chuntas ar gach Tasc Foghlama lena soláthraítear deiseanna do scoláirí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le toradh foghlama lena n-ionchorpraítear an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta óna rannpháirteachas le roinnt torthaí foghlama, laistigh de na snáitheanna staidéir agus ar a bhfud. Tacaíonn dearadh na dTascanna Foghlama Feidhmí le scoláirí athchuairt a thabhairt orthu agus leanúint dá bhforbairt i rith an dá bhliain dá staidéar, chun léargas níos forleithne d'fhorbairt agus rannpháirteachas pearsanta na scoláirí leis an gcúrsa a ghabháil.




**Fíor 3:** Forbhreathnú ar an tsonraíocht

Ceapadh an tsonraíocht seo chun tacú le cur chuige comhtháite i leith fhoghlaim an scoláire. De réir mar a théann scoláirí i ngleic le torthaí foghlama na sonraíochta seo, forbraíonn agus leathnaíonn siad a thuilleadh an tuiscint phraiticiúil atá acu ar cé hiad féin agus ar an ról tábhachtach agus uathúil a bheidh acu i bpobail dhifriúla agus san ionad oibre. Trí na torthaí foghlama, glacfaidh scoláirí páirt in eispéiris foghlama éagsúla laistigh den seomra ranga, den phobal agus den ionad oibre, ar eispéiris iad uile a thacaíonn lena bhforbairt phearsanta. Cruthaíonn agus forbraíonn scoláirí punann dhigiteach a roinntear lena múinteoir ó thús an chúigiú bliain. Tacaíonn punann dhigiteach le scoláirí taifead uathúil foghlama a choinneáil ar a rannpháirteachas leis an tsonraíocht, agus fianaise ann mar thaca leis sin.

Tá foghlaim ó thaithí mar bhonn taca faoin tsonraíocht seo agus tá trí ghné thrasghearrtha inti; rannpháirtíocht, machnamh agus cur i bhfeidhm, ar gnéithe iad a chuireann creat timthriallach ar fáil chun tacú leis na scoláirí de réir mar a théann siad i ngleic go gníomhach le heispéiris foghlama éagsúla. Tá na gnéithe trasghearrtha fairsing ó dhúchas agus is minic a bhíonn siad idirnasctha. Tá deiseanna chun fiosrú a dhéanamh ar na gnéithe trasghearrtha fite fuaite ar fud thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Cuireann an tsonraíocht deiseanna líonmhara ar fáil do scoláirí le bheith rannpháirteach in eispéiris foghlama éagsúla agus machnamh a dhéanamh orthu i gcomhthéacsanna éagsúla. Déanann scoláirí machnamh ar a gcuid rannpháirtíochta agus cuireann siad an tuiscint nua sin i bhfeidhm maidir le heispéiris foghlama nua, rud a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt phunann dhigiteach na scoláirí agus a thacaíonn leis an bhforbairt chéanna.

Tugtar léargas ginearálta ar gach modúl agus na snáitheanna tacaíochta a ghabhann leo thíos, agus tábla ina dhiaidh sin. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta na scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a bpríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann siad chun cinn.

In Aguisín 1 tugtar gluais de bhriathra gnímh a úsáidtear sna torthaí foghlama. Tá cuid de na coincheapa agus téarmaí laistigh de thorthaí foghlama marcáilte le réiltín (*) le tabhairt le fios go ndéantar tuilleadh scrúdú ar an gcoincheap sa ghluais téarmaí in Aguisín 2.

# Modúl 1: Mé féin agus mo Thodhchaí

Is céim thábhachtach agus bhunúsach é tuiscint a fháil ar an duine atá ann féin, de réir mar a thosaíonn na scoláirí ag fiosrú agus ag iniúchadh deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn mar aon le conairí éagsúla i ndiaidh na sraithe sinsearaí. Sa mhodúl seo bíonn neart deiseanna ag scoláirí le fiosrú a dhéanamh ar an duine atá iontu féin, rud a thacaíonn leo tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar na luachanna; mianaigh, gnóthachtálacha agus spéiseanna; láidreachtaí agus laigí; agus tacair scileanna ghaolmhara seo acu. Cuireann an modúl seo deiseanna ar fáil do na scoláirí freisin le fiosrú a dhéanamh ar na deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn atá ar fáil dóibh anois agus a bheidh ann go luath amach anseo, ina measc, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus saol na hoibre. Tosaíonn scoláirí ag déanamh fiosrú ar shaol na hoibre sa chiall is leithne de sa mhodúl seo. De réir mar a théann scoláirí i ngleic leis na torthaí foghlama sa mhodúl seo, forbróidh siad an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta is gá chun dul i ngleic go rathúil leis na Tascanna Foghlama Feidhmí* gaolmhara. Cruthóidh scoláirí ráiteas pearsanta i dTasc Foghlama Feidhmí 1, ina léireofar cé hiad féin mar dhuine mar aon le spriocanna forbartha pearsanta. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 2, cruthóidh sé plean maidir le dul chun cinn gairme ina leagfar amach an chaoi a n-ailíníonn a ráiteas pearsanta leis an bplean sin.

## Snáithe 1: Tuiscint a Fháil Orm Féin

Sa snáithe seo, *Tuiscint a Fháil Orm Féin*, fiosraíonn scoláirí coincheap na forbartha pearsanta agus forbraíonn siad a gcuid tuisceana ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cuspóirí a shocrú chun tacú le duine réimse ina saol a shainaithint ar mian leo tuilleadh dul chun cinn agus feabhsúcháin a dhéanamh air agus tuilleadh éachtaí a bhaint amach ann. Cruthaíonn scoláirí spriocanna forbartha pearsanta ar féidir iad a phleanáil, a thomhas agus a bhaint amach trína gcuid rannpháirteachais le heispéiris foghlama éagsúla, istigh sa seomra ranga agus sa phobal níos leithne araon, agus bíonn neart deiseanna acu le hathchuairt a thabhairt ar na spriocanna sin agus iad a bheachtú de réir mar a théann siad i ngleic leis na torthaí foghlama sa snáithe seo agus ar fud na sonraíochta.

Foghlaimíonn scoláirí faoin tábhacht atá le luachanna, mar phríomhchreidiúintí, a thacaíonn le duine de réir mar a dhéanann siad a mbealach trína saol agus a fhiosraíonn siad a gcuid mianach, gnóthachtálacha agus ábhar spéise féin. Bíonn deiseanna acu le tosú ag nascadh leis na scileanna is gá don saol, scileanna inaistrithe ina measc, agus sainaithníonn agus anailísíonn siad a gcuid scileanna féin ina thaobh sin. Cé go bhféadfaidh sé gur eispéireas pearsanta agus uathúil a bhíonn i gceist le fiosrú a dhéanamh ar luachanna, agus láidreachtaí agus laigí a bhaineann le scileanna, spreagtar scoláirí le fiosrú a dhéanamh ar na réimsí sin trí lionsa na ndeiseanna le haghaidh dul chun cinn laistigh de phrintíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus an t-ionad oibre, rud a thacóidh leo dul i ngleic go rathúil le bealaí éagsúla dul chun cinn i ndiaidh na sraithe sinsearaí. Tá béim ar fhéinmhachnamh agus gníomhú ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile fite fuaite tríd an snáithe, de réir mar a thosaíonn scoláirí ag beachtú deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta a fhéadfaidh a bheith sainaitheanta acu trí shocrú cuspóirí. De réir mar a théann scoláirí i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 1, ráiteas pearsanta a chruthú agus a fhorbairt, bíonn deis acu an fhoghlaim a d'fhorbair siad sa snáithe seo agus ar fud na sonraíochta a chur i bhfeidhm. De réir mar a dhéanann scoláirí dul chun cinn agus forbairt feadh a rannpháirteachais leis an tsonraíocht seo, tugann siad athchuairt ar a ráiteas pearsanta agus déanann siad é a bheachtú, ina soláthraíonn siad forléargas eolasach machnamhach ar an gcineál duine atá iontu féin, ar a gcuid forbartha agus a n-oiriúnacht le haghaidh raon deiseanna dul chun cinn sa saol.

### **Modúl 1**: Snáithe 1 torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **1. Forbairt phearsanta**<br>• forbairt phearsanta mar phróiseas ina gcuireann tú feabhas ort féin i ngnéithe éagsúla den saol, chun saol níos sásta, níos rathúla agus níos fiúntaí a chaitheamh | 1. coincheap na forbartha pearsanta a mhíniú |
| • an chaoi le réimsí ina saol le haghaidh forbairt phearsanta a shainaithint, ar réimsí iad atá suibiachtúil do gach duine aonair, ag ailíniú le deiseanna le haghaidh dul chun cinn amach anseo agus ag díriú ar láidreachtaí agus/nó laigí a sainaithníodh a chur chun feabhais | 2. spriocanna a chruthú don fhorbairt phearsanta agus machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn |
| • spriocanna le haghaidh forbairt phearsanta mar thorthaí inmhianaithe a bhfuil sé beartaithe ag duine iad a chur chun cinn agus a bhaint amach, agus an chaoi ar féidir tacú le pleanáil, tomhas, baint amach agus athbhreithniú na spriocanna trí eispéiris foghlama fhiúntacha laistigh den seomra ranga agus sa phobal níos leithne ach úsáid a bhaint as creat socraithe spriocanna, amhail spriocanna SMARTER* | |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **2. Mo chuid luachanna** | |
| • luachanna mar phríomhchreidiúintí ar féidir leo gníomhú mar spriocanna inmhianaithe chun gníomh a spreagadh agus chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí duine sa saol, a gcarachtar a mhúnlú agus dul i gcion ar a n-iompraíocht, cuir i gcás ionracas, dílseacht, meas agus iontaofacht | 1. breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht atá le luachanna sa saol, na luachanna is tábhachtaí dóibh a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta agus an chúis leis sin a mhíniú<br>2. an chaoi agus an fáth a bhféadfadh luachanna tosaíochta athrú de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an saol a aithint |
| • luachanna a bhfuil tábhacht leo dóibh, ach dul i ngleic le cleachtaí féinmheasúnaithe | 3. cineál uathúil na mianach*, na ngnóthachtálacha* agus na spéiseanna* a aithint |
| • cineál uathúil na mianach, na ngnóthachtálacha agus na spéiseanna, a dtagann forbairt orthu le himeacht aimsire agus ar fud comhthéacsanna difriúla | 4. a gcuid mianach, gnóthachtálacha agus spéiseanna a shainaithint, agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi ar tháinig forbairt orthu |
| **3. An tacar scileanna seo agam** | |
| • scileanna a rangú mar chinn theicniúla, idirphearsanta agus inphearsanta | 1. scileanna a rangú bunaithe ar cibé acu atá siad teicniúil*, idirphearsanta* nó inphearsanta* |
| • sainchuntais róil poist agus an friotal agus an fhormáid a úsáidtear le linn breac-chuntas a thabhairt ar scileanna, is scileanna atá idir riachtanach agus inmhianaithe don ról, le haghaidh gairmeacha beatha agus róil phoist éagsúla | 2. breithmheas a thabhairt ar shainchuntas róil poist, agus aitheantas á thabhairt do na scileanna is gá le haghaidh gairmeacha beatha agus róil phoist éagsúla |
| • scileanna inaistrithe is féidir a fhoghlaim agus a chur chun feabhais le himeacht aimsire<br>• an chaoi ar féidir le tacar scileanna inaistrithe dea-fhorbartha cur le timpeallacht dhearfach tháirgiúil | 3. coincheap na scileanna inaistrithe* a mhíniú agus léirthuiscint a bheith acu don ardluach a ghabhann leo |
| • an chaoi a dtacaíonn tacar scileanna inaistrithe le duine dul in oiriúint agus forbairt do luas athraitheach an tsaoil agus do ghairmeacha beatha agus róil phoist éagsúla laistigh den ionad oibre<br>• saol na hoibre agus an chaoi ar tháinig athrú nach beag air, tionchar teicneolaíochtaí nua, ceisteanna inbhuanaitheachta agus an timpeallacht oibre dhomhanda atá ag síorathrú a thuiscint | 4. cur síos a dhéanamh ar an tábhacht atá le tacar scileanna inaistrithe a fhorbairt do shaol na hoibre a bhíonn ag síorathrú |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • scileanna inaistrithe atá láidir nó dea-fhorbartha, agus aitheantas á thabhairt don chaoi ar tháinig forbairt ar na scileanna sin le himeacht aimsire agus laistigh de chomhthéacsanna éagsúla, amhail trí eispéiris foghlama ar scoil agus laistigh d'ábhair, eispéiris seach-churaclaim agus chomhchuraclaim, agus eispéiris saoil<br>• scileanna inaistrithe nach bhfuil chomh forbartha céanna agus a dteastaíonn tuilleadh oibre agus dul chun cinn ina leith | 5. scileanna inaistrithe a léiríonn siad láidreachtaí ar leith iontu a shainaithint, mar aon leo siúd ar gá tuilleadh forbartha ina leith, agus léiriú á thabhairt ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar na scileanna céanna |
| • an tábhacht atá le machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile, amhail comhscoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí, daoine den phobal agus comhghleacaithe taithí oibre/scáthfhoghlama, agus aitheantas a thabhairt do láidreachtaí laistigh dá dtacar scileanna inaistrithe féin, ar láidreachtaí iad nach mbeadh chomh soiléir céanna nuair a théitear i mbun féinmhachnaimh | 6. machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile ar a láidreachtaí nach mbeadh sainaitheanta trí fhéinmhachnamh |
| **4. Ráitis phearsanta**<br>• cuspóir ráitis phearsanta mar léargas atá críochnúil agus machnamhach, ach fós gonta, ort féin mar dhuine, lena dtacaítear le daoine eile sa tuiscint atá acu ortsa agus ar d'oiriúnacht le haghaidh deis dul chun cinn ar leith<br>• formáidí difriúla de ráitis phearsanta, lena n-áirítear aiste insinte, litir chumhdaigh, achoimre laistigh de CV agus ráiteas cuspóra<br>• ráitis phearsanta mar ghné bhunúsach den phróiseas iarratais le haghaidh deiseanna dul chun cinn éagsúla san oideachas, sa phobal agus san ionad oibre | 1. breac-chuntas a thabhairt ar chuspóir ráitis phearsanta*<br>2. formáidí agus úsáidí difriúla de ráitis phearsanta a aithint |
| **5. Tasc Foghlama Feidhmí 1**<br>• an chaoi le ráiteas pearsanta a chruthú agus a fhorbairt, lena n-ionchorpraítear luachanna; mianaigh, gnóthachtálacha agus spéiseanna; tacair scileanna agus láidreachtaí gaolmhara; agus spriocanna le haghaidh forbairt agus dul chun cinn pearsanta<br>• tacú le forbairt chruthaitheach ráitis phearsanta agus machnamh bríoch air le himeacht aimsire maille le fianaise ar eispéiris éagsúla foghlama, lena bhféadfaí téacs, léaráidí, grianghraif, físeáin agus míreanna fuaime tacaíochta a chuimsiú<br>• an tábhacht atá le hathchuairt a thabhairt ar a ráiteas pearsanta agus é a fhorbairt ar bhonn rialta de réir mar a théann siad i ngleic leis an tsonraíocht | 1. ráiteas pearsanta a chruthú agus a fhorbairt |

## Snáithe 2: Mo Chuid Deiseanna le haghaidh Dul Chun Cinn a Thuiscint

Sa snáithe seo, *Mo Chuid Deiseanna le haghaidh Dul Chun Cinn a Thuiscint*, déanann scoláirí fiosrú agus foghlaim faoin tábhacht atá le deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn i ndiaidh na scoile, ar deiseanna iad atá ar fáil don uile scoláire, agus tosaíonn siad ag fáil léirthuiscint dóibh sin. Bíonn deiseanna ag scoláirí sa snáithe seo le fiosrú agus iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna éagsúla dul chun cinn san oideachas, san oiliúint agus san ionad oibre, is deiseanna a ailíníonn agus a thacaíonn le forbairt a gcuid mianach, gnóthachtálacha agus spéiseanna, ar nithe iad sin uile a chuireann leis an dóchúlacht go n-éireodh leo laistigh de chonairí éagsúla. As sin amach, déanann scoláirí fiosrú ar shaol na hoibre, sa chiall is leithne de, agus léirthuiscint acu do na cúiseanna éagsúla a mbíonn daoine ag obair, ag fiosrú na gceart agus na bhfreagrachtaí éagsúla a thugtar d'oibrithe agus d'oibrithe óga go háirithe. Cuirtear deiseanna ar fáil do scoláirí le treochtaí éagsúla i margadh an tsaothair a iniúchadh, agus tuiscint acu ar ról tábhachtach na fiontraíochta laistigh de mhargadh an tsaothair, agus ina dhiaidh sin tugann siad faoi fhiosrú ar an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht dhigiteach ar threochtaí san ionad oibre, amhail cianobair agus saorobair. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 2, cuireann sé an fhoghlaim a d'fhorbair sé i bhfeidhm trína rannpháirteachas leis an snáithe seo agus leis an tsonraíocht níos leithne, chun plean um dhul chun cinn gairme a chruthú a ailíníonn leis an tuiscint atá aige ar an gcineál duine atá ann agus a chuid spriocanna forbartha pearsanta.

### **Modúl 1**: Snáithe 2 torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **1. Mo chuid deiseanna le haghaidh dul chun cinn a fhiosrú** | |
| • deiseanna éagsúla le haghaidh dul chun cinn laistigh de chonairí i ndiaidh na scoile, ina measc, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas, fiontraíocht, taisteal, pobal agus saol na hoibre<br>• an chaoi a dtéann roghanna agus tosaíochtaí éagsúla laistigh de chonairí i ndiaidh na scoile i gcion ar shochaí fheidhmiúil nua-aimseartha inbhuanaithe agus a gcuireann léi ar bhealach dearfach | 1. éagsúlacht na ndeiseanna le haghaidh dul chun cinn atá ar fáil dóibh a shainaithint |
| • an chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag roinnt mhaith tosca ar spéis i réimse gairme, amhail rannpháirteachas le hábhair, spéiseanna agus tacair scileanna a d'fhéadfadh bláthú laistigh de réimse gairme, eispéiris agus eolas roimhe seo ar an réimse gairme, tuilleamh féideartha amach anseo, treochtaí oibre domhanda agus riachtanais agus dúshláin áitiúla | 2. an téarma réimse gairme* a mhíniú agus réimsí gairme a bhfuil suim acu iontu a shainaithint |
| • an chaoi le taighde a dhéanamh ar róil phoist, agus d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin agallamh a chur ar dhuine atá ag obair i ról, taithí oibre agus/nó scáthfhoghlaim, freastal ar léiriú gairmeacha agus/nó oideachais, laethanta oscailte, litríocht na meán, agus comhairliúchán le Comhairleoir Gairmthreorach | 3. róil phoist roghnaithe laistigh de réimse gairme a shainaithint agus taighde a dhéanamh orthu, ag léiriú cén chaoi ar féidir le gnéithe dá ráiteas pearsanta tacú le tuilleadh fiosraithe ar ról poist faoi leith |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • an chaoi ar féidir tacú le conair chun cinn ar an iomlán trí dheiseanna oideachais agus oiliúna breise, ó thacaíocht airgeadais chomh fada le hobair pháirtaimseartha, forbairt scileanna comhlántacha nó fiosrú ar réimse gairme<br>• samplaí de dheiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cáilíochtaí breise, lena n-áirítear gearrchúrsaí de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, amhail oiliúint gharchabhrach, tarrtháil agus cúrsaí pas shábháilte | 4. aitheantas a thabhairt don chaoi a dtacaíonn deiseanna oideachais agus oiliúna breise atá ar fáil do scoláirí sa tsraith shinsearach le conairí chun cinn amach anseo |
| • soláthraithe éagsúla oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear soláthraithe Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais, agus cuideachtaí príobháideacha agus coláistí, a d'fhéadfadh tacú le rannpháirteachas rathúil le ról poist roghnaithe<br>• tuiscint a fháil ar na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith i gceist le gach soláthraí | 5. iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil do scoláirí i ndiaidh na sraithe sinsearaí |
| **2. Obair sa chiall is leithne de** | |
| • cúiseanna éagsúla a n-oibríonn daoine, amhail a gcuid spéiseanna agus scileanna a fhorbairt a thuilleadh; féinmheas, tuilleamh agus cinnteacht phoist a mhéadú; cur leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar; agus tacú le spriocanna pearsanta a bhaint amach<br>• patrúin fostaíochta atá ag athrú a thacaíonn le cúinsí pearsanta duine, amhail oideachas agus oiliúint, taisteal, teaghlach agus ceangail airgid | 1. cúiseanna éagsúla a mbíonn daoine ag obair a shainaithint, agus scrúdú á dhéanamh ar phatrúin éagsúla fostaíochta i gcaitheamh saol duine |
| • an chaoi a bhfuil cearta agus teidlíochtaí áirithe ag an uile oibrí, idir pháirtaimseartha agus lánaimseartha, ar cearta agus teidlíochtaí iad a chuireann cosaint ar fáil don oibrí, ina measc pá íosta, seachtain oibre íosta, conarthaí agus duillíní pá, sosanna le linn uaireanta oibre, saoire ón obair, cóir chomhionann agus íostréimhsí fógartha, iomarcaíocht agus dífhostú | 2. cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear cosaint ar fáil don uile oibrí de bharr cearta agus teidlíochtaí fostaíochta |
| • cosaintí breise atá i bhfeidhm chun tacú le hoibrithe óga, arb iondúil go mbíonn siad ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus an t-oideachas, lena n-áirítear teorainneacha íosta aoise a shocrú le haghaidh fostaíochta, uaireanta uasta oibre, srianta ar obair dhéanach agus ceanglais ar fhostóirí taifid shonracha a choinneáil i gcás oibrithe faoi bhun 18 mbliana d'aois | 3. catagóirí éagsúla d'oibrithe óga* a shainaithint, agus breac-chuntas á thabhairt ar na cosaintí breise a thugtar do dhaoine óga* |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • an tábhacht atá le cúram a dhéanamh de do shláinte, sábháilteacht agus leas féin, agus de shláinte, sábháilteacht agus leas daoine eile, lena n-áirítear dínit agus meas san ionad oibre | 4. breac-chuntas a thabhairt ar fhreagrachtaí na bhfostaithe san ionad oibre |
| • an chaoi a rannchuidíonn an cháin a íoctar le sochaí fheidhmiúil a fhorbairt, ós rud é go dtacaíonn sí le seirbhísí poiblí a mhaoiniú, amhail cúram sláinte, oideachas, bonneagar agus an clár leasa shóisialaigh<br>• fostaíocht a chlárú ar líne chun tacú leis an méid ceart cánach a íoc | 5. an ról a bhaineann le cáin phearsanta agus an tábhacht atá le fostaíocht a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim a aithint |
| • ról na fiontraíochta laistigh de mhargadh an tsaothair maidir le deiseanna nua a chruthú trí nuálaíocht agus dul i bhfiontar | 6. cur síos a dhéanamh ar ról na fiontraíochta* laistigh de mhargadh an tsaothair* |
| • treochtaí i margadh an tsaothair agus spreagthaí na dtreochtaí sin, lena n-áirítear an geilleagar, an timpeallacht, an geilleagar ciorclach agus dul chun cinn sa teicneolaíocht, lena n-áirítear an Intleacht Shaorga (IS) | 7. iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí i margadh an tsaothair* agus deiseanna fostaíochta ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta |
| • treochtaí san ionad oibre atá ag athrú a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach, amhail cianobair, IS, an borradh faoin bhféinfhostaíocht agus faoin tsaorobair, agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin agus na deiseanna a d'fhéadfadh teacht aníos de dhroim na dtreochtaí sin | 8. tionchar na teicneolaíochta digití ar threochtaí san ionad oibre a phlé |
| **3. Tasc Foghlama Feidhmí 2** | |
| • plean um dhul chun cinn gairme a bhaineann le spriocanna a úsáid, amhail spriocanna SMARTER, chun conair a chruthú ón staid ina bhfuil tú anois chomh fada le staid amach anseo<br>• is éagsúil a bhíonn na conairí a thacaíonn le plean um dhul chun cinn gairme a bhaint amach agus is minic a bhíonn siad idirnasctha, amhail na cinn siúd san oideachas agus san oiliúint agus na cinn san ionad oibre<br>• an nádúr atriallach a bhaineann le plean um dhul chun cinn gairme agus an tábhacht atá lena ailíniú le ráiteas pearsanta ina léirítear cé hiad féin mar dhaoine | 1. plean um dhul chun cinn gairme a chruthú ina n-ionchorpraítear deiseanna éagsúla oideachais, oiliúna agus ionaid oibre agus ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a n-ailíníonn sé lena ráiteas pearsanta |

# Modúl 2: Pobal agus Obair

Sa mhodúl seo, *Pobal agus Obair*, déanann scoláirí fiosrú ar choincheap an phobail agus an ionaid oibre, agus foghlaimíonn siad le léirthuiscint a bheith acu do thábhacht an phobail áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda agus an ról atá acu laistigh den phobal agus san ionad oibre. Fiosraíonn scoláirí pobail atá tábhachtach dóibh agus na deiseanna agus na dúshláin laistigh díobh. Aithníonn scoláirí an tábhacht atá le páirt a ghlacadh ina bpobail agus le bheith ag cur leo ar bhealach dearfach. Sainaithníonn siad samplaí de chruthaitheacht agus nuálaíocht ina bpobail agus forbraíonn tuiscint phraiticiúil ar na hinniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht. Ach dul i ngleic le tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna ina n-úsáidtear cur chuige smaointeoireachta deartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist fíorshaoil sa phobal, cuirtear deiseanna praiticiúla breise ar fáil do scoláirí le raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt a bhaineann leis an bhfiontraíocht. Áirítear leo sin smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, cruthaitheacht, cumarsáid agus comhoibriú. Bíonn deis ag scoláirí freisin le saol na hoibre a fhiosrú a thuilleadh. Foghlaimíonn siad faoin bpróiseas iarratais agus agallaimh a bhaineann le poist agus téann siad i ngleic leis, rud a thacaíonn leo de réir mar a ullmhaíonn siad le gabháil don ionad oibre. Is trí fhormáidí éagsúla a ghabhann scoláirí don ionad oibre, cuir i gcás trí thaithí oibre nó scáthfhoghlaim, agallamh a chur ar dhaoine eile san ionad oibre agus machnamh a dhéanamh ar thaithí oibre, jabanna páirtaimseartha agus/nó oibre dheonach ar thug siad fúthu roimhe seo. Nuair a théann scoláire i mbun eispéiris éagsúla san ionad oibre i dteannta a chéile, leathnaítear an tuiscint acu ar a dtacar scileanna inaistrithe, an t-eispéireas a bhíonn acu laistigh de agus an fhorbairt a dhéanann siad air. De réir mar a théann scoláirí i ngleic leis na torthaí foghlama sa mhodúl seo, leanfaidh siad den eolas, de na scileanna, na luachanna agus na meonta is gá a fhorbairt, rud a chuireann lear mór deiseanna ar fáil dóibh chun tacú lena rannpháirteachas rathúil le Tascanna Foghlama Feidhmí 3 agus 4. I dTasc Foghlama Feidhmí 3, déanfaidh scoláirí machnamh ar a rannpháirteachas le tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna, ag léiriú cén chaoi a ndearna siad forbairt ar raon leathan scileanna inaistrithe ina thaobh sin. De réir mar a théann scoláirí i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 4, cruthóidh siad plean a fhreagraíonn d'fhéinmhachnamh agus d'aiseolas ó dhaoine eile araon maidir lena rannpháirteachas leis an ionad oibre.

## Snáithe 1: Léirthuiscint a bheith agam do mo Phobal

Sa snáithe seo, *Léirthuiscint a bheith agam do mo Phobal*, cuirtear coincheap an phobail in aithne do scoláirí agus foghlaimíonn siad le tuiscint a fháil ar an tábhacht atá leis an bpobal ó pheirspictíocht áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda, agus sainaithneoidh siad bealaí éagsúla le bheith rannpháirteach i bpobal agus le cur leis ar bhealach dearfach. Bíonn an deis ag scoláirí le gnéithe dearfacha dá bpobail agus an tábhacht atá le páirt a ghlacadh iontu agus a bheith ag cur leo a shainaithint. Déanann siad é sin ach fiosrú criticiúil a dhéanamh ar ról na hoibre deonaí agus bealaí difriúla le hobair dheonach a dhéanamh i bpobal a shainaithint. Bíonn deiseanna ag scoláirí fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh saincheisteanna fíorshaoil éagsúla i bpobal dul i gcion ar ghrúpaí éagsúla ann, cibé acu ar bhealach diúltach nó dearfach, agus déanfaidh siad iniúchadh ar ról tábhachtach na fiontraíochta sa phobal. Sa snáithe seo, aithneoidh agus forbróidh scoláirí roinnt inniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht amhail cruthaitheacht, nuálaíocht, dul i riosca, teacht aniar, cumarsáid éifeachtach agus comhoibriú. Bíonn léirthuiscint acu de réir a chéile don tábhacht atá le cineál inaistrithe na n-inniúlachtaí sin sa phobal agus san ionad oibre, ag aithint raon leathan scileanna inaistrithe laistigh díobh. Is léir go háirithe an fhorbairt a thagann ar raon scileanna inaistrithe laistigh de na hinniúlachtaí sin de réir mar a chomhoibríonn siad le chéile chun freagairt do shaincheist fíorshaoil sa phobal ach úsáid a bhaint as cur chuige smaointeoireachta deartha i leith réiteach fadhbanna, ag cur réitigh fhéideartha chun cinn dóibh siúd atá thíos leis an tsaincheist sin agus ag déanamh machnamh orthu. Ach dul i ngleic leis na torthaí foghlama a bhaineann leis an tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna, bíonn deiseanna iomadúla ag scoláirí na hinniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht a fhorbairt agus a thaispeáint araon agus a dtacar scileanna inaistrithe a fhorbairt ar an ábhar sin. Le Tasc Foghlama Feidhmí 3, spreagtar scoláirí, trína rannpháirteachas leis na torthaí foghlama sa snáithe seo, le machnamh a dhéanamh ar an ról a bhí acu le linn an taisc chomhoibrithigh réitigh fadhbanna, ag léiriú gur tháinig forbairt ar raon leathan scileanna inaistrithe ina thaobh sin.

### **Modúl 2**: Snáithe 1 torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **1. Léirthuiscint a bheith agam do mo phobal** | |
| • an pobal mar aonad sóisialta, ina mbíonn daoine ceangailte le spéis nó gníomhaíocht chomhchoiteann nó ceantar ar leith | 1. a bhfuil i gceist le pobal a mhíniú ó pheirspictíocht áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda |
| • an tionchar agus an toradh dearfach a bhíonn ag pobal | 2. pobal lena mbaineann siad a shainaithint, agus gnéithe dearfacha den phobal céanna á léiriú |
| • na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an obair dheonach, lena n-áirítear ionadaíocht ilchineálach na n-oibrithe deonacha a chinntiú laistigh d'eagraíochtaí mar aon leis an tionchar dearfach a bhíonn ar an oibrí deonach agus ar bhaill de phobal | 3. ról na hoibre deonaí* i bpobail a phlé |
| • eagraíochtaí pobail agus tionscnaimh spéise ar bhonn áitiúil, náisiúnta nó domhanda, a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil chun obair dheonach a dhéanamh agus rannchuidiú ar bhealach dearfach | 4. bealaí éagsúla le hobair dheonach a dhéanamh agus le cur le pobal ar bhealach dearfach a shainaithint |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • an chaoi le grúpaí éagsúla i bpobal a shainaithint, ar pobail iad a bhféadfadh sé go raibh tionchar dearfach agus/nó diúltach orthu mar gheall ar shaincheist fíorshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cúrsaí sláinte agus folláine, pobail láidre chásmhara, sochaí chóir chomhionann agus an saol ar domhan a chosaint | 5. iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh saincheist fíorshaoil i gcion ar ghrúpaí éagsúla i bpobal |
| **2. Fiontraíocht sa phobal** | |
| • fiontair lena n-áirítear eagraíochtaí gnó ar bhonn brabúis, fiontair phobail agus shóisialta | 1. na cineálacha éagsúla fiontair laistigh de phobal a aithint |
| • eagraíochtaí gnó ar bhonn brabúis agus fiontair phobail a úsáideann an gnó chun saol pobail a chur chun feabhais go díreach nó go hindíreach, agus tionchar áitiúil dearfach á sholáthar leis na brabúis a shaothraítear | 2. samplaí d'fhiontar a thugann aghaidh ar riachtanas laistigh dá bpobal a shainaithint |
| • fiontair shóisialta mar eagraíochtaí a cheanglaíonn misin láidre shóisialta, phobail agus/nó chomhshaoil le gníomhaíochtaí gnó, agus eagraíochtaí gnó ar bhonn neamhbhrabúis, atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais na bpobal a bhfreastalaíonn siad orthu agus a dhíríonn ar phoist a chruthú agus seirbhísí áitiúla a fheabhsú | |
| • an raon leathan scileanna inaistrithe laistigh de thacar inniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht, lena n-áirítear cruthaitheacht, nuálaíocht, dul i riosca, teacht aniar, cumarsáid éifeachtach agus comhoibriú atá tairbhiúil laistigh den scoil, sa saol, sa phobal agus san ionad oibre | 3. inniúlachtaí a bhaineann leis an bhfiontraíocht a thaispeáint, agus an tábhacht atá lena gcineál inaistrithe ar scoil, sa saol, sa phobal agus san ionad oibre a phlé |
| **3. Fadhbréiteach comhoibríoch chun tacú le tacar scileanna inaistrithe a fhorbairt** | |
| • smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna a thacaíonn le réitigh éifeachtacha, chruthaitheacha agus nuálacha a aimsiú, atá tábhachtach laistigh de raon comhthéacsanna san oideachas, san oiliúint, san ionad oibre agus sa phobal | 1. an tábhacht atá le smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna ar fud raon comhthéacsanna a aithint |
| • smaointeoireacht deartha mar chur chuige daonlárnach, cruthaitheach, fadhbréitigh ar tháinig forbairt air le himeacht ama ó chur chuige dírithe ar ghnó/fiontraíocht go cur chuige is féidir a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla chun fadhbanna casta a réiteach | 2. cur síos a dhéanamh ar phróiseas na smaointeoireacht deartha* agus an chaoi ar tháinig forbairt air le himeacht aimsire |
| • céimeanna na smaointeoireachta deartha lena gcuimsítear soiléiriú, teacht ar smaointe, réitigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • obair le daoine eile i ngrúpaí beaga chun freagairt do shaincheist fíorshaoil sa phobal, a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le dúshlán nó deis<br>• smaointeoireacht chriticiúil, béim a leagan ar shaincheist fíorshaoil sa phobal agus í a fhiosrú chun tacú le cás na faidhbe a shainiú<br>• an tábhacht atá le réitigh fhéideartha a chruthú, a fhorbairt agus a bheachtú<br>• machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas sin | 3. comhoibriú chun freagairt do shaincheist fíorshaoil sa phobal, agus úsáid á baint as cur chuige smaointeoireachta deartha i leith réiteach fadhbanna |
| • an chaoi le faisnéis a chomhtháthú agus a chur i láthair ar a rannpháirteachas leis an tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna ar bhealach stuama tarraingteach do chineálacha éagsúla lucht féachana, amhail comhscoláirí agus baill de phobal<br>• an chaoi le dul i ngleic le formáidí éagsúla amhail téacs scríofa, cuir i láthair chlosamhairc, físeáin agus vlaganna<br>• ról na fianaise maidir le tacú le conclúidí/cosaintí | 4. forléargas ginearálta ar a bhfreagairt chomhoibríoch ar shaincheist fíorshaoil sa phobal a chur i láthair |
| **4. Tasc Foghlama Feidhmí 3**<br>• uirlisí creata machnaimh a thacaíonn le hanailís ar an méid a chuireann siad le gach céim den tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna agus an chaoi ar chuir sé sin le raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt<br>• an tábhacht atá le bheith ag machnamh i gcónaí ar scileanna inaistrithe a fhorbairt laistigh de raon comhthéacsanna ón scoil, ón saol, ón bpobal agus ón ionad oibre | 1. machnamh a dhéanamh ar an ról a bhí acu le linn an taisc chomhoibrithigh réitigh fadhbanna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist fíorshaoil sa phobal, ag léiriú gur tháinig forbairt ar raon leathan scileanna inaistrithe |

## Snáithe 2: A bheith ag Plé leis an Ionad Oibre

De réir mar a théann scoláirí i ngleic leis an snáithe seo, A bheith ag *Plé leis an Ionad Oibre*, leanann siad de bheith ag foghlaim faoi shaol na hoibre ach léirthuiscint a bheith acu don ról atá acu laistigh den ionad oibre, anois agus níos faide anonn ina saol. Foghlaimíonn scoláirí sa snáithe seo an chaoi le hiarratas a dhéanamh ar phoist agus forbraíonn siad tuiscint níos doimhne ar an bpróiseas iarratais, ar ghearrliostú agus ar an bpróiseas agallaimh, agus déanann siad machnamh ar ról na teicneolaíochta sa phróiseas sin. Foghlaimíonn scoláirí faoi chuspóir na bhfoirmeacha iarratais bunaithe ar inniúlachtaí, agus comhlánaíonn siad foirm dá gcuid. Cuireann sé sin deiseanna ar fáil do scoláirí leis an gcaoi ar fhorbair siad raon leathan scileanna inaistrithe laistigh de thacar príomhinniúlachtaí ar fud a gcuid eispéireas sa saol, sa phobal agus san ionad oibre a léiriú, ar scileanna iad sin uile a bhfuil gá leo le dul i ngleic leis an ionad oibre go rathúil, rud ar a bhfuil aird á tarraingt sa snáithe seo. De réir mar a ullmhaíonn scoláirí le dul i ngleic leis an ionad oibre, bíonn léirthuiscint acu de réir a chéile do na deiseanna a bhaineann le rannpháirteachas níos leithne leis an ionad oibre, lena gcuimsítear rannpháirteachas le taithí oibre nó taithí scáthfhoghlama, agallamh a chur ar bhaill d'ionaid oibre is spéis leo agus píosaí machnaimh ar thaithí oibre, obair pháirtaimseartha agus/nó obair dheonach roimhe seo. Le heispéiris shaibhre agus ilchineálacha den sórt sin laistigh den ionad oibre, tacaítear le scoláirí de réir mar a thosaíonn siad ag aistriú chuig deiseanna agus conairí éagsúla i ndiaidh na scoile. Tarraingeoidh scoláirí ar na torthaí foghlama sa snáithe seo agus ar fud na snáitheanna de réir mar a théann siad i ngleic le Tasc Foghlama Feidhmí 4. Cruthaíonn scoláirí plean a fhorbróidh siad agus déanfaidh measúnú air, chun aghaidh a thabhairt ar aiseolas ar réimsí a sainaithníodh le tuilleadh dul chun cinn agus forbartha a dhéanamh orthu, le linn dóibh a bheith rannpháirteach san ionad oibre.

### **Modúl 2**: Snáithe 2 torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **1. Iarratas a dhéanamh ar phost** | |
| • modhanna éagsúla chun iarratas a dhéanamh ar phost, ina measc foirmeacha iarratais, litreacha iarratais agus CVanna, tascanna ar líne agus líonrú agus na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngeall ar úsáid na teicneolaíochta sa phróiseas seo | 1. comparáid a dhéanamh idir modhanna éagsúla le hiarratas a dhéanamh ar phost agus tuiscint a léiriú ar ról na teicneolaíochta sa phróiseas sin |
| • comhpháirteanna a bhfuil gá leo le linn iarratas a dhéanamh ar ról poist, ina measc faisnéis phearsanta, taithí oideachais agus oibre, tacair scileanna agus moltóirí | 2. breac-chuntas a thabhairt ar na comhpháirteanna éagsúla a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar phost agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag IS sa phróiseas sin a phlé |
| • na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le IS le linn iarratas a dhéanamh ar phost | |
| • foirmeacha iarratais bunaithe ar inniúlachtaí agus an chaoi a dtacaíonn siad le duine samplaí den fhorbairt a dhéanann siad ar raon leathan scileanna inaistrithe laistigh de thacar príomhinniúlachtaí óna rannpháirteachas ar scoil, sa saol i gcoitinne, sa phobal agus san ionad oibre a chur i láthair, maille le fianaise ábhartha | 3. tuiscint a léiriú ar fhoirm iarratais bunaithe ar inniúlachtaí*, agus inniúlachtaí á sainaithint a léiríonn an ghairm bheatha agus/nó an ról poist a roghnaigh siad |
| • an chaoi a bhféadfadh fostóirí ionchasacha foirmeacha iarratais bunaithe ar inniúlachtaí a úsáid chun cinntí a dhéanamh ar a fheabhas a oireann tú do riachtanais róil ar leith | |
| • samplaí d'inniúlachtaí éagsúla bunaithe ar ghairm bheatha/agus nó ar phost a shainaithint | |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • an chaoi a sainaithnítear na hiarratasóirí is fearr a chomhlíonann na ceanglais agus critéir sonraíochta duine le gearrliostú, chun aistriú chuig an gcéad chéim eile den phróiseas earcaíochta (agallamh)<br>• an ról atá ag IS agus ag an teicneolaíocht (tairbhí agus teorainneacha) sa phróiseas gearrliostaithe agus an chaoi is fearr ar féidir le hiarratasóirí a dtacar scileanna a ailíniú leis an sainchuntas poist | **4.** an próiseas gearrliostaithe a mhíniú agus an chaoi le rath a uasmhéadú sa phróiseas iarratais |
| • an próiseas a bhaineann le foirm iarratais bunaithe ar inniúlacht a chomhlánú<br>• an chaoi le samplaí barántúla agus fianaise thacaíochta a úsáid óna gcuid eispéireas foghlama féin ar scoil agus laistigh d'ábhair, eispéiris seach-churaclaim agus chomhchuraclaim agus eispéiris saoil laistigh den phobal agus den ionad oibre chun inniúlachtaí bunaithe ar ghairm bheatha agus/nó ar phost a léiriú | **5.** foirm iarratais bunaithe ar inniúlachtaí a chomhlánú le haghaidh post i réimse gairme roghnaithe |
| • an próiseas agallaimh agus an tábhacht atá le teacht i láthair agus cumarsáid phearsanta éifeachtach nuair a bhítear ag freagairt do cheisteanna agallaimh | **6.** tuiscint a léiriú ar an bpróiseas agallaimh |
| • díomá mar chuid den phróiseas nuair a bhítear ag cur isteach ar phoist agus an chaoi le déileáil leis sin ar bhealach cuiditheach<br>• teacht aniar a chothú ach dul i ngleic le straitéisí machnaimh, meastóireacht a dhéanamh ar spriocanna agus glacadh le haiseolas cuiditheach | **7.** breac-chuntas a thabhairt ar straitéisí chun teacht aniar a fhorbairt agus déileáil le haiseolas cuiditheach |
| **2. Ullmhúchán a dhéanamh don ionad oibre agus dul i ngleic leis** | |
| • na tairbhí is féidir a chur ar fáil le rannpháirteachas leathan leis an ionad oibre, lena gcuimsítear eispéireas taithí oibre nó scáthfhoghlama, agallamh le ball d'ionad oibre is spéis leo agus píosa machnaimh ar thaithí oibre, jab páirtaimseartha agus/nó obair dheonach a ndeachaigh siad i ngleic leo roimh seo | **1.** léirthuiscint a bheith acu do na tairbhí a bhaineann le rannpháirteachas leathan leis an ionad oibre |
| • an ról atá ag ráiteas pearsanta chun tacú le heagraíocht tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh duine a bheith oiriúnach don chineál ionaid oibre nó don ról poist áirithe san eagraíocht | **2.** plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a ráiteas pearsanta tacú lena rannpháirteachas leis an ionad oibre |
| • modhanna éagsúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun teagmháil a dhéanamh le heagraíocht, agus an tábhacht atá leis an modh is oiriúnaí a roghnú don chomhthéacs le réasúnaíocht tacaíochta | **3.** breac-chuntas a thabhairt ar mhodhanna éagsúla chun teagmháil a dhéanamh le heagraíocht ionaid oibre agus an modh is oiriúnaí á chosaint |


| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • coinníollacha agus/nó ceanglais ábhartha, lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil faisnéis teagmhála cothrom le dáta, agus feasacht ar bheartais ábhartha an ionaid oibre, uaireanta oibre, cineál na hoibre agus oiliúint riachtanach, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, an gnás feistis, socruithe maidir le hiompar chuig an eagraíocht agus ar ais uaithi<br>• an tábhacht atá le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána nuair a bhítear ag déileáil le páistí agus/nó daoine fásta soghonta in eagraíocht ionaid oibre | 4. aon choinníollacha nó ceanglais ábhartha a bhfuil gá leo sula dtéitear i ngleic leis an ionad oibre a iniúchadh |
| • láithreacht phoiblí ar na meáin shóisialta a úsáid chun tacú le líonrú agus san am céanna an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag láithreacht phoiblí ar na meáin shóisialta d'fhostóirí ionchasacha a aithint | 5. na deiseanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le láithreacht phoiblí ar na meáin shóisialta ar fhostaíocht ionchasach a phlé |
| • an próiseas a bhaineann le machnamh, lena gcuimsítear breac-chuntas a thabhairt ar an méid a rabhthas ag súil leis ag an tús maidir le dul i ngleic leis an ionad oibre<br>• machnamh a dhéanamh ar cé acu a comhlíonadh na hionchais sin nó nár comhlíonadh | 6. breac-chuntas a thabhairt ar a bhfuil siad ag súil leis maidir le bheith rannpháirteach leis an ionad oibre agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar comhlíonadh an méid sin, más amhlaidh a comhlíonadh |
| • an t-ionad oibre, ach dul i ngleic le heispéireas taithí oibre nó scáthfhoghlama i gcaitheamh trí lá ar a laghad | 7. dul i mbun eispéireas taithí oibre nó scáthfhoghlama |
| • an chaoi le haiseolas cuiditheach a ghiniúint ach dul i mbun idirphlé le ball/baill den eagraíocht ionaid oibre inar chuir siad an t-eispéireas taithí oibre nó an t-eispéireas scáthfhoghlama i gcrích<br>• aiseolas éifeachtach lena ndírítear ar shamplaí sonracha de scileanna inaistrithe agus príomhinniúlachtaí, maille le fianaise thacaíochta ar láidreachtaí agus réimsí le feabhas a dhéanamh iontu araon<br>• creataí machnaimh lena dtacaítear le hanailís a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile | 8. aiseolas a bhaineann lena bhfeidhmíocht agus a rannpháirteachas leis an ionad oibre a ghiniúint agus machnamh a dhéanamh air |
| • an chaoi a bhféadfaí agallamh a éascú le ball/baill d'eagraíocht ionaid oibre ach dul i ngleic le hidirphlé leanúnach, ar mhaithe le tuilleadh a fhoghlaim faoina ról agus faoina gconair thacaíochta, ag díriú ar cheisteanna a thugann faisnéis faoin gcaoi a ndeachaigh ball/baill den eagraíocht i ngleic le deiseanna oideachais agus oiliúna, an chaoi ar sháraigh siad dúshláin, ar thapaigh siad deiseanna agus gnéithe dá gcuid oibre a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo | 9. tabhairt faoi agallamh le ball/baill d'eagraíocht ionaid oibre is spéis leo |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
| --- | --- |
| • creataí chun tacú le féinmhachnamh ar a rannpháirteachas leis an eispéireas taithí oibre nó scáthfhoghlama, agallamh a chur ar bhall/baill d'eagraíocht ionaid oibre is spéis leo, rannpháirtíocht in eispéireas taithí oibre, jabanna páirtaimseartha agus/nó obair dheonach roimhe seo agus aiseolas a fháil ó dhaoine eile ina thaobh sin<br>• deiseanna agus dúshláin a thagann rompu le linn a bheith rannpháirteach leis an ionad oibre agus an fhorbairt phearsanta a tharlaíonn mar thoradh air sin, ó thaobh spriocanna forbartha pearsanta, scileanna inaistrithe agus príomhinniúlachtaí de | **10.** machnamh a dhéanamh ar a rannpháirteachas leis an ionad oibre |
| **3. Tasc Foghlama Feidhmí 4**<br>• pleanáil maille le spriocanna SMARTER, chun freagairt d'aiseolas (féinmhachnamh agus aiseolas ó dhaoine eile) ar réimsí a sainaithníodh le haghaidh tuilleadh dul chun cinn agus forbartha<br>• is éard a chuimsítear le freagairt d'aiseolas ná eispéiris foghlama fhiúntacha laistigh den tsonraíocht seo a shainaithint agus dul i ngleic leo, rannpháirteachas níos leithne le hábhair agus modúil sa tsraith shinsearach, eispéiris foghlama seach-churaclaim agus chomhchuraclaim agus eispéiris saoil níos leithne chun scileanna inaistrithe agus príomhinniúlachtaí a fhorbairt<br>• measúnú, tomhas agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, gnóthachtáil agus an tionchar ar spriocanna forbartha pearsanta | **1.** plean a chruthú agus a mheasúnú lena bhfreagrófar d'aiseolas ar a rannpháirteachas leis an ionad oibre, lena ndírítear ar réimsí le tuilleadh dul chun cinn agus forbartha a dhéanamh iontu |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Spreagtar do na scoláirí sa tsraith shinsearach an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas a bheith níos neamhspleáiche, ag tacú le forbairt tiomantais ar feadh an tsaoil maidir le feabhas a chur ar a gcuid foghlama agus forbartha pearsanta féin.

Cuireann Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta an scoláire sa chroílár trí dhearadh a thorthaí foghlama agus tá an timthriall foghlama eispéireasaí, atá comhdhéanta de thrí chéim, rannpháirtíocht, machnamh agus cur i bhfeidhm, mar bhonn taca faoi. Ach dul i ngleic le foghlaim ó thaithí cuidítear le foghlaim na scoláirí a dhoimhniú agus tacaítear leo na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus na meonta a fhorbairt, is cinn a bheidh ag teastáil uathu chun go n-éireoidh leo a mbealach a dhéanamh trína saol amach anseo.




**Fíor 4:** Timthriall na Foghlama ó Thaithí

Cuireann Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta deiseanna ar fáil do scoláirí le bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama, machnamh a dhéanamh uirthi agus í a chur i bhfeidhm ar eispéiris foghlama éagsúla, ar eispéiris iad a dhéanann forbairt ar a chéile agus a bhfuil an scoláire ina rannpháirtí gníomhach iontu. Bíonn eispéiris foghlama idir phraiticiúil agus éagsúil ó dhúchas, agus titeann siad amach laistigh den seomra ranga Saol, Pobal agus Obair, trí eispéiris ábhair agus eispéiris seach-churaclaim agus chomhchuraclaim de chuid na sraithe sinsearaí sa phobal níos leithne. Is den tábhacht a thabhairt faoi deara nach próiseas docht líneach ná seicheamhach é an timthriall foghlama ó thaithí, cé go léirítear mar phróiseas trí chéim é, ach is amhlaidh a bhíonn sé atriallach ó dhúchas agus faoi cheangal an chomhthéacs.

Sula dtéann scoláirí i ngleic leis an gcéim rannpháirtíochta den timthriall, spreagtar dóibh leas a bhaint as a gcuid foghlama agus eispéireas saoil roimhe seo. De réir mar a bhíonn scoláirí rannpháirteach in eispéireas foghlama, spreagtar dóibh a machnamh a dhéanamh air chun brí a bhaint as agus chun an méid a d'fhoghlaim siad a shainaithint. Ar deireadh, cuireann na scoláirí a gcuid foghlama i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as an eolas, na scileanna agus/nó na luachanna agus na meonta atá sealbhaithe acu le gairid chun bonn eolais a chur faoi chinntí agus gníomhartha anois agus amach anseo, ina dtosaíonn an chéim rannpháirtíochta an athuair, ó pheirspictíocht níos eolasaí.

Baineann an uile scoláire leas as teagasc follasach i scileanna an mhachnaimh agus na luachanna agus na meonta a fhorbairt a bhaineann le bheith ag dul i ngleic le heispéireas foghlama agus machnamh a dhéanamh air. Ina thaobh sin, féadfar tacú leis na scoláirí a gcumas machnamhach a fhorbairt ach úsáid a bhaint as creat machnamhach. Tá an timthriall foghlama eispéireasaí oiriúnach don uile scoláire agus is féidir é a choigeartú a mhéid a bhaineann lena chastacht chun freastal ar riachtanais scoláire ar leith. Is féidir le gach scoláire leas a bhaint as rannpháirtíocht ghníomhach i ndeiseanna foghlama ó thaithí atá oiriúnach don aois agus don chéim.

Príomhghné de Saol, Pobal agus Obair is ea páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama ghníomhacha éagsúla laistigh den seomra ranga agus sa phobal níos leithne araon. Is iad na múinteoirí is fearr atá in ann breithiúnais ghairmiúla a thabhairt ar an mbealach is fearr chun eolas, scileanna, luachanna agus meonta na scoláirí a fhorbairt trína rannpháirteachas le heispéiris foghlama ghníomhacha éagsúla. I measc na samplaí d'eispéiris foghlama ar a bhfuil breac-chuntas laistigh den tsonraíocht, ar eispéiris iad a rachaidh scoláirí i ngleic leo ina bpobal, tá rannpháirteachas leis an ionad oibre agus tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna bunaithe ar an bpobal. Tacaítear leis na heispéiris sin le heispéiris foghlama éagsúla a mbeidh scoláirí rannpháirteach leo laistigh den seomra ranga agus déantar iad a ailíniú leis na heispéiris chéanna. Is amhlaidh atá siad gníomhach ó dhúchas agus áirítear leo machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile agus freagairt a phleanáil don aiseolas sin.

Le cur chuige bunaithe ar fhiosrú i leith an teagaisc agus na foghlama, spreagtar scoláirí le bheith gníomhach ina gcuid foghlama ach topaicí a fhiosrú, ceisteanna a chur agus teacht ar fhreagraí. Leis an rannpháirteachas gníomhach sin, tacaítear le forbairt fiosrachta, smaointeoireachta criticiúla agus réitigh fadhbanna i measc na scoláirí. Leis an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe, spreagtar scoláirí freisin le dul i ngleic le heispéiris foghlama a chuireann lena gcuid riachtanas agus réimsí spéise féin. Bíonn gach scoláire difriúil maidir leis an méid agus an cineál tacaíochta a theastaíonn uathu agus tacófar leo trí oideolaíochtaí ionchuimsitheacha inrochtana a úsáid, ar nós teagasc idirdhealaithe. Tacófar le scoláirí idirghníomhú le Saol, Pobal agus Obair ar a leibhéal féin trí straitéisí ar nós an leibhéal éilimh a bhaineann le gníomhaíocht foghlama a athrú, ceisteanna a chur a éilíonn cumas cognaíoch éagsúil, líon agus cineál na hidirghabhála múinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú.

## Teicneolaíocht dhigiteach

Is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach ról a imirt chun feabhas breise a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú ar Saol, Pobal agus Obair. Is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach tacú le scoláirí de réir mar a théann siad i ngleic leis an bhfoghlaim a shainaithnítear sa tsonraíocht, agus san am céanna is féidir léi deiseanna breise a chur ar fáil do na scoláirí freisin chun dul i ngleic le heispéiris foghlama éagsúla, ach úsáid a bhaint as cuir chuige fhíorúla agus chumaisc the. De réir mar a théann scoláirí i ngleic le Saol, Pobal agus Obair, féadfaidh na deiseanna a bheith acu leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun:

- cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile
- dul i ngleic le heispéiris foghlama fhíorúla agus/nó chumaiscthe
- cáipéisí d'ardchaighdeán atá ilmhódach ó dhúchas a chruthú agus a fhorbairt
- taighde éifeachtach a dhéanamh ach úsáid a bhaint as uirlisí ar líne
- láidreachtaí agus teorainneacha uirlisí IS agus na ceisteanna eiticiúla a bhaineann leo a thuiscint
- punann dhigiteach* a fhorbairt, ar comhthiomsú de dhéantúsáin dhigiteacha í.

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a fháil amach na scoláirí trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, An Phunann i nGníomh. Beidh an scrúdú scríofa agus an CMB, An Phunann i nGníomh, ar an leibhéal comónta araon. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| An Phunann i nGníomh | 60% | Comónta |
| Scrúdú scríofa | 40% | Comónta |


**Tábla 1:** Achoimre ar an measúnú don teistiúchán

## Comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis: An Phunann i nGníomh

Leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta, soláthraítear deis do scoláirí chun a gcuid rannpháirteachais leis an bhfoghlaim ar fud an chúrsa a thaispeáint, rud a thaifeadann siad ina bpunann. Is é atá i gceist le punann scoláire ná bailiúchán aonair uathúil d'fhianaise agus píosaí machnaimh faoina gcuid rannpháirteachais le torthaí foghlama na sonraíochta, lena n-áirítear na cinn siúd ar a bhfuil breac-chuntas laistigh de na snáitheanna staidéir agus na torthaí foghlama a bhaineann le gach ceann de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí. Áirítear inti freisin fianaise agus machnamh ar eispéiris foghlama éagsúla agus forbairt na bpríomhinniúlachtaí, trí bhíthin na dtrí ghné thrasghearrtha a bhaineann le Rannpháirtíocht, Machnamh agus Cur i bhFeidhm.

Leis an CMB, An Phunann i nGníomh, cuirfear deis ar fáil do scoláirí le machnamh a dhéanamh ar an obair óna bpunann i mbliain a dó den chúrsa agus í a bheachtú agus a úsáid, mar fhreagairt ar threoir a eiseoidh CSS go bliantúil. Soláthrófar comhthéacs do scoláirí leis an treoir chun obair a bpunainne a thaispeáint, is punann a bheidh á forbairt acu i gcaitheamh dhá bhliain. Ar chur i gcrích an tionscadail, ní mór do scoláirí doiciméad taiscthe aonair ilmhódach a chur ar fáil i bhfoirm atá leagtha síos ag CSS. Cé go n-úsáideann scoláirí obair a bpunainne chun dul i ngleic leis an treoir, ní chuireann siad a bpunann isteach lena measúnú.

Bíonn ardleibhéal neamhspleáchais ag scoileanna chun cur i gcrích na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis 'An Phunann i nGníomh' a phleanáil agus a eagrú. Le cáipéis ar leithligh, Treoirlínte chun tacú leis an bPunann i nGníomh, tugtar treoir ar réimse ábhar a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a eagrú, a chur chun feidhme agus le maoirseacht a dhéanamh uirthi. Ceapadh an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis le bheith comhtháite go nádúrtha i sreabhadh an teagaisc agus na foghlama i gcaitheamh an dá bhliain de staidéar.




**Fíor 5:** Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: An Phunann i nGníomh

## Tuairisceoirí cáilíochta don Phunann i nGníomh

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann scoláirí amach sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis 'An Phunann i nGníomh'. Go sonrach, leis an bPunann i nGníomh ceanglaítear ar scoláirí fianaise a thaispeáint ar na nithe seo a leanas:

- Rannpháirtíocht
- Machnamh
- Cur i bhfeidhm
- Cumarsáid

| | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht** | léiríonn siad a rannpháirtíocht in eispéiris foghlama bhríocha éagsúla agus rannpháirteachas gníomhach leis na torthaí foghlama agus Tascanna Foghlama Feidhmí maille le fianaise thacaíochta an t-am ar fad. | léiríonn siad a rannpháirtíocht i roinnt eispéiris foghlama bhríocha agus rannpháirteachas gníomhach leis an gcuid is mó de na torthaí foghlama agus Tascanna Foghlama Feidhmí maille le fianaise thacaíochta. | léiríonn siad a rannpháirtíocht i líon beag eispéireas foghlama bríoch agus rannpháirteachas gníomhach le líon beag torthaí foghlama agus Tascanna Foghlama Feidhmí maille le fianaise thacaíochta. |
| **Machnamh** | téann siad i mbun machnamh meáite i gcaitheamh an phróisis, agus forbraíonn tuiscint chuimsitheach orthu féin agus ar a bhforbairt phearsanta. | téann siad i mbun machnamh áirithe i gcaitheamh an phróisis, agus forbraíonn tuiscint mheasartha orthu féin agus ar a bhforbairt phearsanta. | téann siad i mbun machnamh teoranta i gcaitheamh an phróisis, agus forbraíonn tuiscint theoranta orthu féin agus ar a bhforbairt phearsanta. |
| **Cur i bhfeidhm** | cuireann siad foghlaim, tuiscint agus eispéiris nua i bhfeidhm chun rannpháirtíocht sna torthaí foghlama agus Tascanna Foghlama Feidhmí agus machnamh ar a rannpháirteachas leo a fheabhsú a thuilleadh. | cuireann siad roinnt foghlaim, tuiscint agus eispéiris nua i bhfeidhm chun rannpháirtíocht sna torthaí foghlama agus Tascanna Foghlama Feidhmí agus machnamh ar a rannpháirteachas leo a fheabhsú a thuilleadh. | is beag foghlaim, tuiscint agus eispéiris nua a chuireann siad i bhfeidhm chun rannpháirtíocht sna torthaí foghlama agus Tascanna Foghlama Feidhmí agus machnamh ar a rannpháirteachas leo a fheabhsú a thuilleadh. |
| **Cumarsáid** | déanann siad cumarsáid ar bhealach soiléir ar fud formáidí tarraingteacha éagsúla, agus freagairt á cur i láthair ar an treoir ar bhealach atá stuama ar an iomlán. | déanann siad cumarsáid ar bhealach réasúnta soiléir ar fud líon teoranta formáidí tarraingteacha, agus freagairt á cur i láthair ar an treoir ar bhealach réasúnta stuama. | déanann siad cumarsáid ar bhealach nach bhfuil chomh soiléir sin laistigh d'fhormáid amháin, agus freagairt á cur i láthair ar an treoir atá trína chéile den chuid is mó. |

**Tábla 2:** Tuairisceoirí cáilíochta: An Phunann i nGníomh

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sna ceithre shnáithe staidéir
- cur i bhfeidhm na ngnéithe trasghearrtha a bhaineann le rannpháirtíocht, machnamh agus chur i bhfeidhm
- cur i bhfeidhm a rannpháirteachais leis na Tascanna Foghlama Feidhmí.

# Socruithe réasúnta

Éilítear le sonraíocht Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireacht go bpléann scoláirí le cineál an ábhair ar bhonn leanúnach ar feadh an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 40% de na marcanna atá ar fáil é agus comhpháirt bhreise ar fiú 60% í. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú le scoláirí a mbeadh deacracht acu an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas acu a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm is atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na hoiriúntais seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a thaispeáint, agus measúnú á dhéanamh ar na scoláirí le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Sula gcinneann scoláirí staidéar a dhéanamh ar Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta, i gcomhairle lena scoil agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh siad in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a fhágann nach mbeidís in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach acu, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta

Déanfar Saol, Pobal agus Obair na hArdteistiméireachta a ghrádú agus scála grádúcháin 4 phointe á úsáid. Is é Gradam an grád is airde; is é Gan Ghnóthachtáil an grád is ísle, maille le bandaí céatadáin tacaíochta, mar a leagtar amach i dTábla 3.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| Gradam | 80 – 100 |
| Tuillteanas | 65 – 79 |
| Pas | 50 – 64 |
| Gan Ghnóthachtáil | 0 – 49 |

**Tábla 3:** Grádú na hArdteistiméireachta

# Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **Aithin (sonraí/ faisnéis)** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Comhoibrigh** | bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |
| **Cruthaigh** | rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil, nó a chruthú trí phróiseas sainithe a leanúint |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Cuir i gcrích** | an fhaisnéis nó na sonraí a theastaíonn a sholáthar do gach cuid de phróiseas ar mhaithe lena chur i gcrích |
| **Cuir i láthair** | rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a mheasúnú |
| **Cuir síos** | cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó íomhánna |
| **Déan** | tabhairt faoi ghníomhaíocht |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Déan taighde** | fiosrú sonrach a dhéanamh, ach fianaise a bhailiú, a eagrú agus a anailísiú d'fhonn teacht ar chonclúidí |
| **Forbair** | éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua |
| **Léirigh** | samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin |
| **Léirigh tuiscint** | corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** | an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint |
| **Machnaigh** | machnamh meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha, taithí, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus brí a bhaint astu |
| **Meas** | nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí, atá bunaithe ar fhianaise chuí |
| **Rangaigh** | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Téigh i ngleic le** | próiseas, straitéis, plean nó gnás a dhéanamh go gníomhach agus go dílis |

# Aguisín 2: Gluais téarmaí

Tá sé i gceist go soiléireoidh an ghluais seo coincheapa agus téarmaí a úsáideadh sa tsonraíocht seo.

| Coincheap/Téarma | Tuiscint |
|---|---|
| **Fiontraíocht** | Cumas duine aonair le deis a shainaithint agus í a shaothrú ar mhaithe le luach nua nó rath eacnamaíoch a tháirgeadh; áirítear léi idir fhiontraithe a chruthaíonn eagraíocht ghnó agus infhiontraithe a thaispeánann mianach fiontraíochta le linn dóibh a bheith ag obair in eagraíocht. |
| **Gnóthachtálacha** | Cúiseanna ratha atá saothraithe go maith le tréaniarracht nó ardscil. |
| **Margadh an tsaothair** | Téarma a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir an t-ionad oibre agus an lucht saothair. |
| **Mianaigh** | An claonadh nádúrtha atá ag duine do ghníomhaíocht ar leith a mhéadaíonn an dóchúlacht go n-éireoidh leo. |
| **Obair dheonach** | Tiomantas ama agus fuinnimh ar mhaithe leis an tsochaí níos leithne, an pobal, an comhshaol nó daoine aonair, a dhéantar saor in aisce, gan bheith ag smaoineamh ar airgead a thuilleamh. |
| **Oibrithe óga** | Oibrithe idir 14 agus 18 mbliana d'aois; agus oibrithe idir 14 agus 15 bliana d'aois aicmithe mar pháistí, agus iad siúd atá 16 agus 17 mbliana d'aois aicmithe mar dhaoine óga. |
| **Punann dhigiteach** | Bailiúchán uathúil d'fhianaise i bhformáid dhigiteach, lena dtaispeántar rannpháirteachas scoláirí le torthaí foghlama na sonraíochta mar aon le machnamh ar a rannpháirteachas leo. |
| **Ráiteas pearsanta** | Cáipéis lena dtaispeántar a oiriúnaí atá duine le haghaidh deis dul chun cinn ar leith. |
| **Réimse gairme** | Réimse gairme mar chatagóir leathan oibre a chuimsíonn róil phoist éagsúla a éilíonn scileanna, ardinniúlacht agus cáilíochtaí comhchosúla |
| **Scileanna inaistrithe** | Scileanna a éilítear i gcomhthéacsanna éagsúla iomadúla. Cuireann na scileanna seo ar chumas daoine aistriú níos éasca idir poist agus/nó rannpháirtíochtaí saoránach difriúla. |
| **Scileanna idirphearsanta** | Scileanna a bhfuil gá leo ar mhaithe le hidirghníomhú idir daoine. Tugtar teacht i láthair orthu scaití. |
| **Scileanna inphearsanta** | Scileanna a bhaineann le feasacht duine aonair orthu féin. Tugtar éirim mhothúchánach orthu scaití. |
| **Scileanna teicniúla** | Scileanna arb iondúil go mbíonn siad dírithe ar ghairm bheatha agus ar thasc ar féidir iad a mhúineadh, staidéar a dhéanamh orthu agus feabhas a chur orthu trí oiliúint. |
| **Smaointeoireacht deartha** | Próiseas neamhlíneach, atriallach lena tacaítear le fadhbréiteach daonlárnach agus le réitigh nuálacha a chruthú agus a bheachtú. |
| **Spéiseanna** | Rud a dtaitníonn leat a bheith ina bhun, ag déanamh staidéar air nó ag fáil taithí air, beag beann ar chúrsaí inniúlachta. |
| **Spriocanna SMARTER** | Is é rud is sprioc SMARTER ann ná creat chun cuspóirí a shainiú, ina bhfuil gach sprioc sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama, agus a ndéantar meastóireacht agus athbhreithniú uirthi. |
| **Tascanna Foghlama Feidhmí** | Torthaí foghlama lena soláthraítear deis chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a chur i bhfeidhm, ar cinn iad a forbraíodh trína rannpháirteachas le roinnt torthaí foghlama laistigh de na snáitheanna staidéir agus ar a bhfud. |
| **Treochtaí mhargadh an tsaothair** | Athruithe sa ghaolmhaireacht idir poist agus an lucht saothair le himeacht aimsire. |

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Foilsithe mí Lúnasa 2025.